



2026/824

15.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/824 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2026

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/854 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar iarmhar le haghaidh foiseitil-AI agus leis an liosta de thráchtearraí a bhfuil anailís le déanamh orthu maidir le caitian trímheitil-sulfóiniam

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 29(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/854 ón gCoimisiún ⁽²⁾ comhlíonadh na n-uasteorainneacha iarmhar lotnaidicídí a áirithiú agus measúnú a dhéanamh ar nochtadh tomhaltóirí d'iarmhair lotnaidicídí. Chun na críche sin, leagtar amach sa Rialachán sin clár rialaithe agus an líon samplaí in aghaidh an Bhallstáit atá le glacadh.
- (2) Tá dhá earráid i gCuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/854 a dhéanann difear do shubstaint na bhforálacha lena mbaineann. Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann le foiseitil-AI, níor cuireadh san áireamh an sainmhíniú nua ar iarmhar atá le forfheidhmiú agus dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2024/2619 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Ar an dara dul síos, cuirtear in iúl go mícheart go bhfuil anailís le déanamh ar chaitian trímheitil-sulfóiniam in oinniúin agus ar oinniúin in 2027, seachas in 2026.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/854 a cheartú dá réir.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/854 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/854 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2025 maidir le clár rialaithe comhordaithe ilbhliantúil Aontais le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 chun a áirithiú go gcomhlíonfar uasteorainneacha iarmhar lotnaidicídí agus chun nochtadh tomhaltóirí le hiarmhair lotnaidicídí i mbia agus ar bhia de bhunadh plandaí agus ainmhíoch a mheasúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/989 (IO L, 2025/854, 8.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/854/oj).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2024/2619 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáití déshóidiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L, 2024/2619, 9.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2619/oj>).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/854, leasaítear Cuid C mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le foiseitil-Al:

	2026	2027	2028	Barúlacha
Foiseitil-Al	(a)	(b)	(c)	Má bhraitear foiseitil-Al, beidh feidhm ag an MRL le haghaidh a mheitibilíte aigéad fosfónach.'

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le caitian trímheitil-sulfóiniam:

	2026	2027	2028	Barúlacha
'Caitian trímheitil-sulfóiniam	(a)	(b)	(c)	Ní dhéanfar anailís ach in oráistí, piorraí, cóiliseacha, oinniúin, pónairí triomaithe agus rís dhonn, agus orthu, in 2026; i bhfionchaora boird, bananaí, seadóga, ubhthorthaí, fungais shaothraithe agus piobair mhilse/piobair chloigíneacha, agus orthu, in 2027; in úlla, sútha talún, péitseoga, cabáistí cinn agus coirce, agus orthu, in 2028.'